

# CLUICHE NA CORÓNACH

LE GEORGE R.R. MARTIN

OISÍN Ó MUIRTHILE A D'AISTRIGH GO GAELGE

Sa Bhéarla in 1996, faoin teideal A Game of Thrones a foilsíodh an chéad eagrán den leabhar seo. Is in 2016 a foilsíodh an chéad eagrán Gaeilge.

@ George R. R. Martin 1996

Is le cead ó The Lotts Agency Ltd a foilsíodh an t-aistriúchán seo.

An Chéad Eagrán 2016  
An tAistriúchán Gaeilge © Leabhar Breac 2016

ISBN 978-1-909907-83-6

*Ní thagraíonn aon phearsa ficseanúil sa scéal seo  
d'aon duine sa saol réadúil.*

Gach ceart ar cosaint.

Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur: Caomhán Ó Scolaí

Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



**Foras na Gaeilge**

Táimid buíoch d'Fhoras na Gaeilge as a dtacaíocht airgid do Leabhar Breac



Tugann An Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac


Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091-593592

# AN TUAISCEART

## EOCHAIR

- Cathair • Baile • Caisleán
- ❖ Caisleán Scriosta



# BROLLACH

**B**a chóir dúinn iompú ar ais,” a mhol Gearóid, agus an choill ag éirí dorcha ina dtimpeall. “Tá na fianlaigh marbh.”  
“An gcuireann na mairbh eagla ort?” a d’fhiafraigh Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe, agus gáire beag fann ar a bhéal.

Níor ghéill Gearóid don saigheadadh. Seanfhear ab ea é a raibh an leathchéad slánaithe aige, agus is iomaí fothiartha a bhí feicthe i gceannas aige in imeacht na mblianta. “Tá na mairbh marbh,” ar seisean. “Níl aon ghnó againn leo.”

“An bhfuil siad marbh?” a d’fhiafraigh an Maolchraobhach de chogar. “An bhfuil a chruthú againn?”

“Chonaic Liam iad,” arsa Gearóid. “Má deir sé go bhfuilid marbh, glacaimse leis go bhfuil.”

Bhí a fhios ag Liam go dtarraingeoidís isteach san achrann é luath nó mall — rud nach raibh sé ag súil leis. “Dúirt mo mháthair liom nach sceitheann na mairbh rún,” ar seisean go mear.

“An rud ceannann céanna a dúirt mo bhuime, a Liam,” a d’fhreagair an Maolchraobhach. “Ná creid rud ar bith a chloiseann tú ar bhrollach mná. Is iomaí rud atá le foghlaim ó chorpáin, fiú.” Bhain an guth toll ró-ard croitheadh as crónachan na foraoise.

“Is fada an t-achar atá romhainn,” arsa Gearóid go ciallmhar. “Ocht lá, nó b’fhéidir naoi lá, agus tá an oíche ag titim.”

Thug Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe súil ar an spéir go neafaiseach. “Tarlaíonn sé sin thart ar an am seo gach lá. An gcuireann an dorchadas isteach ort, a Ghearóid?”

Níor cheil an cochall tiubh dubh ná an brat aon ní ar Liam. Thuig sé ó bhéal teannta an tseansaighdiúra agus ón bhfiatacht ina shúile go raibh Gearóid coipthe le fearg. Bhí daichead bliain caite ag Gearóid i bhFaire na hOíche — ó bhí sé ina ghlas-stócach — agus níor thaitin sé leis go ndéanfaí beag is fiú de. Ach bhí rud éigin eile ann thairis sin. Taobh thiar den uabhar, d’aithin Liam rud eile sa seanfhear. Bhíothas in ann é a bhlaiseadh; teannas íogair a bhí an-chosúil le faitíos.

Bhí an míshuaimhneas céanna ar Liam. Bhí ceithre bliana caite ar an

Múr aige sin. An chéad uair a seoladh lastall é, tháinig na sean-fhinscéalta ar fad chun cuimhne, agus scaoil a chuid inní sciodar le sceimhle. Rinne sé gáire faoi ina dhiaidh. Anois ba shaighdiúir é a raibh céad feachtas armáilte curtha de aige, agus níorbh údar critheagla dó feasta an fiántas dorcha éigríochta ar ar thug na deisceartaigh an Fhorois Thaibhsiúil.

B'in go dtí an oíche seo. Bhí rud éigin difriúil faoin oíche seo. Bhí faobhar ar an dorchadas a chuir colg air. Bhíodar ag dianmharcaíocht le naoi lá anuas, ó thuaidh, siar ó thuaidh agus ó thuaidh arís, níos faide is níos faide ón Múr, iad go dian sa tóir ar bhaicle de chreachadóirí fianlacha. Bhí gach aon lá níos measa ná an lá roimhe. Ba é an lá seo an lá ba mheasa ar fad. Bhí gaoth fhuar ag séideadh aduaidh, ag sianaíl sna crainn amhail is gur neacha beo a bhí iontu. Mhóthaigh Liam i gcaitheamh an lae amhail is go raibh rud éigin á ghrinniú, rud éigin fuar doshuaimhnithe nach raibh grá ar bith aige dó. Bhraith Gearóid é chomh maith. Níor theastaigh ó Liam ach imeacht ag marcaíocht gan stopadh go sábháilteacht an Mhúir, ach níor rún é sin le roinnt lena cheannaire.

Go háirithe lena leithéid seo de cheannaire.

Ba é Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe an mac ab óige i seanteaghlach a raibh an iomarca oidhrí air. Ógánach dathúil ocht mbliana déag; súile liatha ann, é maorga, agus chomh seang le cú. Suite in airde ar chapall cogaidh ollmhór dubh, bhí an ridire an-ard os cionn Liam agus Ghearóid ar na gearráin bheaga. Bhí buataisí dubha leathair air, bríste dubh olla, lámhainní muilscín dubha, agus cóta mór trom dubh de mháille na lúb anuas ar shraitheanna de leathar agus d'olann dhubh. Ní raibh Sior Faomáir an leathbhliain féin ina bhráthair faoi mhóid i bhFaire na hOíche, ach ní fhéadfadh aon duine a mhaíomh nach raibh sé oilte dá ghairm, a fhaid is a bhain lena fheisteas ar aon chuma.

Cúis mhór bhróid dó a bhí ina bhrat — fionnadh sáible, tiubh agus dubh, agus é chomh mín le síoda. “Cuirfidh mé geall gurb é féin a mharaigh iad ar fad,” arsa Gearóid agus iad ag diúgadh braon fíona sa bheairic, “agus gur scuch sé a gcloigne beaga díobh, ár laoch calma.” Gháir siad ar fad as béal a chéile.

*Is deacair glacadh le horduithe ó fhear a ndearna tú gáire faoi ar deoch,* arsa Liam leis féin agus é ar barr creatha ar mhúin a ghearráin. Caithfidh go raibh Gearóid ar aon tuairim leis.

“D’ordaigh Ó Mórmhuine dúinn dul ar a lorg, agus chuaigh,” arsa Gearóid. “Táid marbh. Ní chuirfidh siad isteach orainn níos mó. Tá

dianmharcaíocht romhainn agus ní maith liom an aimsir seo. Má chuireann sé sneachta, d'fhéadfadh sé coicís a thógáil orainn dul ar ais, agus is é an sneachta an rud is fearr a mbeifí ag súil leis. An bhfuil stoirm oighir feicthe riamh agat, a thiarna?”

Ba chosúil nár chuala an fothiarra é. Bhí sé ag grinniú an chlapsholais dhomhain roimhe ar a dhóigh thuirseach réchúiseach féin mar ba nós leis. Bhí a dhóthain ama caite ag Liam ag marcaíocht leis an ridire le tuiscint gurbh fhearr a fhágáil aige féin nuair a bhí an chuma sin air. “Inis arís dom cad a chonaic tú, a Liam. Na sonraí ar fad. Ná fág a dhath ar lár.”

Sealgair ba ea Liam sula ndeachaigh sé i bhFaire na hOíche. Déanta na fírinne, póitseálaí a bhí ann. Rug amhais Uí Mhaolalastair air i gcoill Uí Mhaolalastair féin, ag feannadh ceann d'fhiaphoic Uí Mhaolalastair, agus ba é an rogha a bhí aige an éide dhubh a chur air féin nó leathlámh a chailleadh. Ní fhéadfadh duine ar bith scinneadh trí choillte chomh ciúin le Liam, agus ba ghairid gur thuig na bráithre dubha go raibh an bua sin ann.

“Tá an campa dhá mhíle níos faide ar aghaidh, thar an droimín sin, díreach cois srutháin,” arsa Liam. “Dhruideas chomh gar dó is a leomhfainn. Tá ochtar acu ann, idir fhir is mhná. Ní fhaca mé aon ghasúr ina measc. Chrochadar claonsiúntán suas i gcoinne na carraige. Tá brat trom sneachta air anois, ach bhíos fós in ann é a dhéanamh amach. Níl aon tine ar lasadh, ach tá áit na tine ann go soiléir. Níl aon duine ag corraí ann. Bhreathnaíos ar feadh i bhfad. Níor luigh fear beo chomh socair riamh.”

“An bhfaca tú aon fhuil?”

“Bhuel, ní fhaca,” a d'admhaigh Liam.

“Ná aon ghléas airm?”

“Roinnt claimhte, bogha nó dhó. Bhí tua ag fear amháin. Bhí cuma throm uirthi, agus dhá fhaobhar, cnap cruu iarainn. Bhí sí ar an talamh taobh lena dheasóg.

“Ar shonraigh tú an chaoi a raibh siad ina luí thart?”

Chroith Liam a ghuaillí. “Bhí cuid acu ligthe siar i gcoinne na carraige, ach bhí an mhórchuid ar an talamh. Tite, ba chosúil.”

“Nó ina gcodladh?” a mhol an Maolchraobhach.

“Tite,” arsa Liam go righin. “Bhí bean amháin thuas in iarnghiúis, leathcheilte sna géaga. An cianfhairtheoir,” a deir sé le draidgháire. “Bhí mé cúramach ar fhaitíos go bhfeicfeadh sí mé. Nuair a tháinig mé níos gaire, chonaic mé nach raibh sise ag corraí ach an oiread.” Tháinig ballchrith air ina ainneoin féin.

“An bhfuil fuacht ort?” a d’fhiafraigh an Maolchraobhach.

“Beagán,” arsa Liam trí na fiacra. “An ghaoth, a thiarna.”

Chas an ridire óg ar ais chuig a chuid seansaighdiúirí. Shéid duilleoga sioctha tharstu le siosarnach agus chorraigh capall an Mhaolchraobhaigh le dod. “Meas tú cad a mharaigh na fir seo, a Ghearóid?” a d’fhiafraigh Sior Faomáir go fánach. Shocraigh sé an brat fada sáible ar a ghuaillí.

“An fuacht,” arsa Gearóid go lánchinnte. “Chonaic mé fir a reodh ina mbeatha an geimhreadh seo caite, agus arú anuraidh chomh maith, nuair a bhíos i mo ghlas-stócach. Labhraíonn an uile dhuine faoi shneachta daichead troigh ar doimhne, agus faoin ngéarbhach crua gaoithe oighreata aduaidh, ach is é an fuacht an fíornamhaid. Tagann sé aniar aduaidh ort níos slítheánta ná Liam féin, agus bíonn tú ag crith ar dtús agus ag cnagadh do dhraide agus ag greadadh do chos agus tú ag cuimhneamh tú ar scailtíní fíona agus ar thinte breátha teo. Dóinn sé, go deimhin. Ní dhóinn tada chomh dona leis an bhfuacht. Ach ní mhaireann sé ach tamaillín. Ansin isteach ionat a théann sé agus tosaíonn sé do do líonadh, agus i ndiaidh achair, ní bhíonn an neart agat troid ina choinne. Bíonn sé níos fusa suí síos agus titim i do chodladh. Deirtear nach mothaítear aon phian agus tú ag teacht chuig an deireadh. Airíonn tú lag codlatach ar dtús, agus tosaíonn gach rud ag meath. Ansin, bíonn sé mar a bheifeá ag dul go tóin poill i mbainne te. Go síochánta, mar a déarfá.”

“Ráite go mín maisiúil, a Ghearóid,” arsa Sior Faomáir. “Níor shamhlaigh mé an cumas sin urlabhra leat riamh.”

“Bhí an fuacht ionam féin chomh maith, a fhothiarna.” Tharraing Gearóid siar a chochall, ag ligean d’Fhaomáir féachaint bhreá fhada a thabhairt ar an dá dhúid, áit a raibh an dá chluas air tráth. “Dhá chluais, trí ladhar coise, agus lúidín mo chiotóige. Thug mise mo chosa liom, ach thángamar ar bhráthair liom reoite agus é ar faire, agus aoibh an gháire ar a bhéal.”

Thug Sior Faomáir searradh dá ghuaillí. “Ba cheart gléasadh in éadaí níos teolaí, a Ghearóid.”

Thug Gearóid súil fhiata nimhneach ar an bhfothiarna, na coilim timpeall a phoill cluaise lasta dearg le holc san áit a ghearr an Méistir Aemán na clusa de. “Feicimid cé chomh maith is a théifidh éadaí thú nuair a thiocfaidh an geimhreadh.” Tharraing sé an cochall aníos ar a cheann arís agus chuach sé é féin in airde ar a ghearrán, go ciúin stalcánta.

“Má deir Gearóid gurbh é an fuacht a...” a thosaigh Liam.

“Ar cuireadh ar dualgas faire thú an tseachtain seo, a Liam?”

“Cuireadh, a thiarna.” Ní dheachaigh seachtain thart nach raibh sé ar dualgas deich n-uaire. Cad chuige an cheist sin?

“Agus conas a bhí an Múr?”

“Ag sileadh,” arsa Liam, agus muca ar a mhaláí. Go rómhall a thuig sé a raibh tugtha chun solais ag an bhfothiarna. “Ní féidir gur reodh chun báis iad. Má bhí an Múr ag sileadh. Ní raibh sé fuar a dhóthain.”

Chlaon an Maolchraobhach a cheann. “Nach tusa atá cliste. Rinne sé sioc éadrom an tseachtain seo caite, agus chaith sé ráigeanna tapa sneachta anois is arís, ach is cinnte nach raibh sé sách fuar chun ochtar fear lánfhásta a mharú. Fir feistithe i bhfionnadh agus i leathar — meabhraím daoibh — agus foscadh in aice láimhe acu, chomh maith le deis tine a lasadh.” Bhí meangadh gáire an ridire ródhearfa. “A Liam, tabhair chuig an láthair sinn. Ba mhaith liom na fir mharbha seo a fheiceáil le mo dhá shúil féin.”

Agus ansin ní raibh aon dul faoi ná thairis. Tugadh an t-ordú, agus thug a n-onóir orthu é a chur i gcrích.

Chuaigh Liam chun tosaigh, a ghearrán beag mothallach ag cuardach an bhealaigh go cúramach sa scrobarnach. Thit sneachta éadrom an oíche roimhe sin, agus bhí clocha is fréamhacha is poill bháite ceilte díreach faoin mbrat, ag fanacht ar an té a bheadh neamhairdeallach nó místuama. Tháinig Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe ina dhiaidh, a chapall mór dubh cogaidh ag gnúsacht le mífhoighne. Ní raibh a chapall mór oiriúnach don ránaíocht ar chor ar bith — rud nach dtuigfeadh an fothiartha. Bhí Gearóid ar deireadh, an seanghaiscíoch ag banrán faoina fhiacra agus é ag marcaíocht.

D'éalaigh meathsholas an lae. Tháinig dath dúchorcra ar an spéir ghlan, dath dúghorm mar a bheadh sean-bhallbhrú ann, agus chlaochlaigh ansin ina dhubh. Nocht na réaltóga ar an spéir. D'éirigh corrán gealaí. Faoiseamh do Liam a bhí sa solas.

“Nach féidir linn gabháil níos tapúla ná seo?” arsa an Maolchraobhach nuair a bhí an ghealach éirithe dá buaic.

“Ní féidir leis an gcapall seo,” arsa Liam. Bhí a fhaitíos ag cur sotal air. “B’fhéidir go mb’fhearr leis an tiarna dul chun tosaigh?”

Níor dheonaigh Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe freagra a thabhairt.

Lig mac tíre uail i mball éigin amuigh faoin gcoill.

Thug Liam a ghearrán de leataobh faoi iarnghiúis ársa chnapánach agus thuirling.

“Cén fáth ar stad tú?” a d’fhiafraigh Sior Faomáir.



“Is fearr an chuid eile a ghabháil de shiúl na gcos, a thiarna. Tá sé díreach taobh thall den droim sin.”

Stad an Maolchraobhach ar feadh meandair, ag dearcadh amach roimhe i gcéin go machnamhach. Shéid gaoth fhuar, ag sianaíl trí na crainn. Chorraigh a chlóca mór sáible timpeall air mar a dhéanfadh neach leathbheo.

“Tá rud éigin mícheart anseo,” arsa Gearóid go ciúin.

Rinne an ridire óg meangadh gáire dhímheasúil leis. “An bhfuil?”

“Nach mothaíonn tú é?” a d’fhiafraigh Gearóid. “Éist leis an dorchadas.”

Bhí Liam in ann é a mhothú. Ceithre bliana i bhFaire na hOíche agus ní raibh faitíos mar seo air riamh. Cad a bhí ann?

“Gaoth. Siosarnach na gcrann. Mac tíre. Cén fhuaim atá do do sceimhliú, a Ghearóid?” Nuair nár fhreagair an seanóir, shleamhnaigh an Maolchraobhach go maorga as an diallait. Cheangail sé an capall cogaidh de ghéag íseal, i bhfad ó na capaill eile, agus tharraing a chlaíomh mór óna thruaill. Dhrithligh seoda luachmhara ina dhorn agus rith solas na gealaí síos an lann lonrach chruach. B’iontach an t-arm é, é gaibhnithe i gcaisleán, agus é úrnua, de réir dealraimh, ach bhí amhras ar Liam ar beartaíodh le fearg riamh é.

“Éiríonn na crainn dlúth anseo,” arsa Liam mar fholáireamh dó. “Gabhfaidh an claíomh sin i bhfastú sna craobhacha, a thiarna. Bheadh scian níos fearr.”

“Má theastaíonn do chomhairle uaim, iarrfaidh mé ort í,” arsa an tiarna óg. “A Ghearóid, fan anseo. Coinnigh súil ar na capaill.”

D’éirigh Gearóid dá chapall. “Tá tine de dhíth orainn. Lasfad tine.”

“An amadán amach is amach thú, a sheanfhir? Má tá namhaid san fhoraí seo, is í an tine an rud deireanach a theastaíonn uainn.”

“Tá naimhde áirithe ann a choimeádfaidh tine uainn iad,” arsa Gearóid. “Mathúna agus criúin agus ... agus neacha eile....”

Theann Sior Faomáir a bhéal. “Ní lasfar tine ar bith.”

Chaith cochall Ghearóid scáth ar a aghaidh, ach bhí Liam in ann an bior nimhe ina shúile a aithint agus é ag stánadh ar an ridire. Bhí eagla air, ar feadh meandair, go rachadh an seanfhear i muinín an chlaímh. Ba bheag agus ba ghránna an rud é, a dhornchla smálaithe le hallas, eangaí ina fhaobhar ó dhianúsáid, ach ní gheallfadh Liam scilling iarainn ar shaol an fhothiarna dá dtarraingeodh Gearóid óna thruaill é.

Faoi dheireadh, d’iompaigh Gearóid a shúile chun talún. “Ní lasfar tine ar bith,” ar seisean faoina fhiacra.

Ghlac an Maolchraobhach leis sin mar chomhartha géillte, agus d'iompaigh sé uaidh. “Ar aghaidh leat,” ar sé le Liam.

Rinne Liam bealach trí dhrioseacha, ansin dhreap suas ar an dromán íseal, áit ar tháinig sé ar ionad faire dó féin faoi chrann. Bhí an talamh tais is lábach is sciorrach faoin mbrat tanaí sneachta — agus bhí clocha beaga is fréamhacha ceilte ann a leagfadh duine. Ní dhearna Liam fuaim ar bith agus é ag dreapadh in aghaidh an aird. Taobh thiar de, chuala sé clingeadh éadrom miotalach mháille an fhothiarna, siosarnach na nduilleog, agus lig sé mallachtaí ciúine as agus géaga ísle ag breith ar a chlaíomh mór agus ag tarraingt ar a chlóca breá sáible.

Bhí an fhairghiúis ollmhór ag fás ar mhullach an dromáin, san áit a raibh a fhios ag Liam go mbeadh sí, na craobhacha is ísle uirthi troigh ón talamh. Chaolaigh Liam isteach fúithi, é ina luí leata amach ar a bholg sa sneachta agus sa chlábar, agus d'fhéach síos ar an láithreán folamh thíos faoi.

Stad an croí ina chliabh. Níor leomh sé anáil a tharraingt ar feadh meandair. Bhí solas na gealaí ag lonrú síos ar an gcampa, ar luaithreach na claise tine, ar an mbothán faoi shneachta, ar an gcarraig mhór, ar an sruthán beag leathreoite. Bhí gach rud díreach mar a bhí cúpla uair an chloig níos luaithe.

Bhíodar imithe. Bhí na corpáin ar fad imithe.

“A dhéithe!” a chuala sé taobh thiar de. Tugadh iarraidh de chlaíomh ar ghéag chrainn agus Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe ag sroichint bharr an droma. Sheas sé ansin in aice na fairghiúise, a chlaíomh ina láimh aige, a chlóca ag séideadh taobh thiar de agus an ghaoth ag éirí, é ina shunda dubh i gcoinne na réaltaí agus é le feiceáil go soiléir ag an domhan mór.

“Crom síos!” arsa Liam i gcogar práinneach. “Tá rud éigin cearr.”

Níor bhog an Maolchraobhach. D'fhéach sé síos ar an láithreán folamh agus rinne gáire. “Is cosúil gur bhog na fir mharbha sin agat campa, a Liam.”

Chlis ar ghuth Liam. Chuardaigh sé focail nár tháinig chun a bhéil. Níorbh fhéidir é. Scuab sé a shúile soir is siar trasna an champa thréigthe agus luigh a shúile ar an tua. Tua mhór dhéfhaobhrach chatha, í fós ina luí san áit a raibh sí feicthe aige níos túisce, gan lámh leagtha uirthi. Arm luachmhar....

“Seas suas, a Liam,” a d'ordaigh Sior Faomáir. “Níl duine ná deoraí anseo. Nach olc an mhaise duit a bheith i bhfolach faoi sceach.”

D'éirigh Liam go drogallach.

D’fhéach Sior Faomáir air le dímheas follasach. “Ní fhillfidh mé ar Chaisleán an Duibh agus teipthe orm i mo chéad fheachtas. Aimseoidimid na fir seo.” Chaith sé súil thart timpeall. “Suas an crann leat. Déan deifir agus aimsigh toit tine.”

Chas Liam thart gan tada a rá. Ní raibh aon mhaith cur ina aghaidh. Bhí an ghaoth ag séideadh agus bhí sí feanntach. Thosaigh sé ag dreapadh an chrainn, fairghiúis ollmhór liathghlas. Ba ghearr go raibh a lámha smeartha le sú agus é ceillte sa spíonlach. Bhrúcht an faitíos aníos ann, ag déanamh cnapáin ina ghoile. Ghuigh sé i gcogar chuig déithe gan ainm na coille agus tharraing a mhiodóg óna truail. D’fháisc sé faoina dhraid í chun a dhá láimh a choimeád saor don dreapadh. Chuir blas an iarainn fhuair ina bhéal ar a shuaimhneas é.

Thíos faoi, scairt an fothiarna go tobann, “Cé hé sin agam?” Chuala Liam éiginnteacht sa ghla. Stop sé ag dreapadh; d’éist; d’fhéach.

D’fhreagair an choill: siosarnach na nduilleog, caise oighreata an tsrutháin, scread ó scréachóg an tsneachta i gcéin.

Ní dharna an tAos Alltair aon fhuaim.

Chonaic Liam rud éigin ag corraí thar a leiceann. Fíoracha geala ag sní tríd an gcoill. Chas sé a cheann agus fuair spléachadh ar scáth bán sa dorchadas. Ansin bhí sé imithe. Chorraigh géaga go lag ar an ngaoth, ag scríobadh a chéile le méara adhmaid. D’oscail Liam a bhéal chun scread fainice a ligeadh, ach ba chosúil gur reoigh na focail ina scornach. B’fhéidir go raibh dul amú air. B’fhéidir nach raibh ann ach éan, frithchaitheamh ar an sneachta, cleas éigin de chuid solas na gealaí. Cad é a bhí feicthe aige i ndeireadh na dála?

“A Liam, cá bhfuil tú?” a ghlaigh Sior Faomáir aníos chuige. “An féidir leat aon rud a fheiceáil?” Bhí sé ag casadh thart i gciorcail go mall, é san airdeall anois, a chlaíomh ina láimh. Caithfidh gur bhraith sé féin iad, mar a bhraith Liam. Ní raibh tada le feiscint. “Freagair mé! Cén fáth go bhfuil sé chomh fuar seo?”

Bhí sé fuar. Agus é ag crith, rug Liam greim níos daingne ar a fháir. Bhí a aghaidh brúite go teann i gcoinne choirt na fairghiúise. Bhí sé in ann an sú milis greamaitheach a aireachtáil ar a leiceann.

Nocht scáth amach as duibhe na coille. Sheas sé os comhair an Mhaolchraobhaigh. Bhí sé ard, agus é chomh lom cruca le hiarann, a chuid feola chomh geal le bainne. Dhealraigh sé gur athraigh dath a chathéide agus é ag gluaiseacht; í chomh bán le sneachta nuachaithe anseo, í chomh

dubh le scáil ansiúd, agus í breac le liathghlaise dhorcha na gcrann. Le gach coiscéim a thóg sé, rith na gréasa air mar a dhéanfadh solas na gealaí ar an uisce.

Chuala Liam anáil Sior Faomáir Uí Mhaolchraoibhe á fhágáil i siosarnach fada. “Ná tar níos gaire,” arsa an fothiarra ag tabhairt foláirimh dó. Bhris a ghuth mar ghlór buachalla. Tharraing sé an clóca mór sáible siar thar a ghuailí lena lámha a scaoileadh don chomhrac, agus rug ar an gclaíomh lena dhá láimh. Ní raibh an ghaoth ag séideadh a thuilleadh. Bhí sé thar a bheith fuar.

Dhruid an tAlltarach leis ar chosa ciúine. Ina lámh bhí claíomh fada, claíomh de chineál nach raibh feicthe riamh ag Liam. Ní le miotal saolta a gaibhníodh an lann sin. Bhí beocht na réabghealaí ann, é tréshoilseach, ina shlige criostail chomh tanaí sin gur imigh sé ar fad as radharc nuair a chonacthas ar a fhaobhar é. Bhí loinnir lag ghorm ann, solas taibhsiúil ag imirt ar a imill, agus ar dhóigh éigin, bhí a fhios ag Liam go raibh sé níos géire ná aon rásúr.

Bhuail Sior Faomáir leis go calma. “Déanaimis rince mar sin.” D’ardaigh sé a chlaíomh go hard os a chionn, go dúshlánach. Bhí a lámha ag crith óna mheáchan, nó b’fhéidir ón bhfuacht, ach san ala gairid sin thuig Liam nár bhuachaill a bhí ann a thuilleadh, ach fear i bhFaire na hOíche.

Stad an tAlltarach. Chonaic Liam a shúile; gorm, níos doimhne agus níos goirme ná súil duine, goirme a dhóigh mar oighear. Dhíríodar ar an gclaíomh mór a bhí ag crith san aer, dhearc ar sholas na gealaí ag rith trasna an mhiotail fhuair. Leomh Liam dóchas a bheith aige ar feadh meandair.

Thángadar amach ó na scáthanna go ciúin, iad díreach cosúil leis an gcéad Alltarach. Triúr acu ... ceathrar ... cúigear.... B’fhéidir gur airigh Sior Faomáir an fuacht a tháinig leo, ach ní fhaca agus níor chuala sé riamh iad. Bhí ar Liam scread a ligean. A dhualgas a bhí ann. Agus a bhás, dá screadfadh. Chrith sé, rug ar an gcrann agus d’fhan ina thost.

D’eitil an claíomh geal tríd an aer.

D’fhreagair Sior Faomáir le cruach é. Nuair a bhuail na lanna, níor chualathas clingeadh miotail ar mhiotal; ach fuaim ard chaol ar imeall na héisteachta, amhail ainmhí ag scréachaíl le pian. Chosc an Maolchraobhach an dara buille, agus an tríú buille, agus ansin chúlaigh siar coiscéim. Roiseadh eile buillí, agus chúlaigh sé siar arís.

Taobh thiar de, ar dheis is ar chlé, mórthimpeall air, sheas na fairtheoirí

go foighneach ciúin, do-aitheanta óna chéile, iad beagnach dofheicthe sa choill ag patrúin athraitheacha a n-armúr mínsnoite. Ach níor chorraigh aon duine díobh le hidirghabháil a dhéanamh.

Arís is arís a bhuaíl na claimhte, nó gur theastaigh ó Liam a chluasa a chumhdach ó chaoineadh ait pianmhar a gclonscairte. Bhí ga seá i Sior Faomáir ón saothar anois, a anáil ag déanamh gaile i solas na hoíche. Bhí a chlaíomh bán le sioc; bhí loinnir gheal ghorm ag rince ar chlaíomh an Alltaraigh.

Ansin tháinig cosaint an Mhaolchraobhaigh buille ródhéanach. Ghearr an claíomh geal tríd an máille faoina ascaill. Lig an tiarna óg scread péine as. Sceith fuil idir na lúba. Rinne sí gal san fhuacht, agus ba chosúil le lasracha dearga na braonta ar an sneachta. D'ardaigh Sior Faomáir a mhéara go dtí a chliathán. Nuair a bhain sé a lámh ón gcréacht, bhí an lámhainn mhuilscín fliuchta dearg.

Dúirt an tAlltarach rud éigin i dteanga nach raibh ag Liam; bhí a ghuth cosúil le scoilteadh oighir ar lochán geimhridh agus bhí smid an mhagaidh sna focail.

Chruinnigh Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe fraoch a fheirge. “In ainm Roibeard!” a scread sé, agus d'éirigh sé le gnúsacht, ag ardú an chlaímh shiocúil lena dhá láimh agus á luascadh thart i dtaobh-bhuille le hiomlán a nirt. Bhí cosaint an Alltaraigh beagnach leisciúil.

Nuair a theagmhaigh na lanna, phléasc an chruach.

Rinne scread macalla in oíche na foraoise, agus bhris an claíomh mór sna céadta píosaí beaga géara, na smidiríní á scaipeadh ina gcith snáthaidí. Thit an Maolchraobhach ar a ghlúine, ag scréachaíl, agus chlúdaigh a shúile. Bhí fuil ag púscadh idir na méara.

Theann na fairtheoirí chun tosaigh le chéile, amhail is gur tugadh comhartha éigin dóibh. D'éirigh agus d'ísligh claimhte, tost marfach ann i rith an ama ar fad. B'ár fuar é. Ghearr na lanna geala trí mháille amhail is gur síoda a bhí ann. Dhún Liam a shúile. I bhfad thíos faoi, chuala sé a nguthanna agus gáire chomh géar le reodóga.

Nuair a chruinnigh sé a mhisneach le breathnú arís, bhí tamall fada caite, agus bhí an dromán thíos tréigthe.

D'fhan sé sa chrann, ar éigean go ligfeadh an eagla dó anáil a tharraingt, agus an ghealach ag snámh go mall trasna na spéire duibhe. Faoi dheireadh, crampaí ina mhatáin agus fuairnimh ina mhéara, dhreap sé síos.

Bhí corp an Mhaolchraobhaigh ina luí béal faoi sa sneachta, lámh

amháin sínte amach. Gearradh an clóca tiubh sáible ina ghioblacha. Sínte marbh mar sin, chonaic Liam a óige is a bhí sé. Ní raibh ann ach stócach.

D'aithin sé an méid a bhí fágtha den chlaíomh cúpla troigh amach uaidh, an rinn briste agus casta mar a bheadh crann a buaileadh le caor thintrí. Chrom Liam síos, d'fhéach timpeall go faiteach, agus sciob aníos é. Bheadh an claíomh briste mar fhianaise aige. Bheadh a fhios ag Gearóid cén tátal a bhainfí as agus, mura mbeadh, bheadh a fhios ag an Seanbhéar Ó Mórmhuine, nó ag an Méistir Aemán. An mbeadh Gearóid fós ag fanacht leis na capaill? Bheadh air deifir a dhéanamh.

D'éirigh Liam. Bhí Sior Faomáir Ó Maolchraoibhe ina sheasamh os a chionn.

Bhí a chuid éadaí galánta ina gcifleoga, a aghaidh millte. Bhí slige dá chlaíomh sáite in imreasc dall bán a shúile clé.

Bhí an tsúil dheas ar lánoscailt. Las an t-imreasc le goirme. Bhí radharc inti.

Thit an claíomh briste óna mhéara faiteacha. Dhruid Liam a dhá shúil le paidir a rá. Chuimil lámha fada maorga a leiceann, ansin d'fháisc siad ar a scornach. Bhíodar clúdaithe ag lámhainní de mhuilscín fíneálta agus fuilsmeartha, agus iad chomh fuar le leacracha ifrinn.

# BRAN

**B**hí an maidneachan geal agus fuar, agus bhí brisce san aer a thug le fios go raibh deireadh ag teacht leis an samhradh. Bhuaileadar bóthar le breacadh an lae, fiche fear ar fad, chun freastal ar dhícheannadh fir, agus Bran ag marcaíocht ina measc agus é ar tinneall le scleondar. Ba é seo an chéad uair gur measadh go raibh sé sách sean le dul in éineacht lena athair uasal agus lena chuid deartháireacha chun dlí an rí a fheiceáil á chur i bhfeidhm. An naoú bliain den samhradh a bhí ann agus an seachtú bliain de shaol Bhrain.

Gabhadh an fear lasmuigh de lios beag sna cnoic. Shíl Raib gur fianlach a bhí ann, dílis do Mhánas mac an Chreachaire, an Rí-Lastall-den-Mhúr. Chuir sé dinglis i gcráiceann Bhrain smaoineamh air. Ba chuimhin leis go maith na scéalta a d'insíodh sean-Nain dóibh cois tine. Danarthacháin a bhí sna fianlaigh, dar léi, marfóirí, meirligh agus ceannaithe sclábhaithe. Thaithídís fathaigh is amhailteacha, ghoididís cailíní beaga in am marbh na hoíche, agus d'ólaidís fuil a gcuid naimhde as adharca snasta. Agus luíodh a gcuid ban leis an Aos Alltair san Oíche Fhada agus ghineadar páistí uafásacha leathdhaonna.

Ach an fear a bhí gafa acu — é ceangailte de bhalla an leasa agus é ag feitheamh ar bhreithiúnas an rí — bhí sé sean agus reangach, ar éigean níos airde ná Raib. Bhí an dá chluas agus méar amháin cailte leis an siocdhó aige, agus bhí sé gléasta ó mhullach go sáil in éide dhubh, díreach ar nós na mbráithre i bhFaire na hOíche, ach amháin go raibh a chuid seithí gioblach agus smeartha.

Mheasc anáil the na bhfear is na gcapall le chéile in aer fuar na maidine. D'ordaigh a athair uasal go ngearrfaí anuas ón mballa é agus go dtarraingeofaí os a gcomhair é. Bhí Raib agus Seán ina suí go hard socair ar a gcapaill, Bran eatarthu ar chapailín, é ag cur gothaí níos sine air féin ná na seacht mbliana a bhí aige agus é ag tabhairt le fios go raibh sé seo ar fad feicthe